Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2022 (OR. en)**

**15349/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0433(COD)**

**FISC 241**
**ECOFIN 1251**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas<br>• Glacadh |

1. An 8 Deireadh Fómhair 2021, tháinig Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis ('an Creat Cuimsitheach') ar chomhaontú i dtaca le hathchóiriú a dhéanamh ar na rialacha idirnáisiúnta maidir le cáin a ghearradh ar bhrabúis na bhfiontar ilnáisiúnta. Chuir Ballstáit uile an Aontais in iúl go dtacaíonn siad leis an Ráiteas maidir le Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair. Sna conclúidí uaithi an 27 Samhain 2020, chuir an Chomhairle a tacaíocht leanúnach in iúl d'obair an Chreata Chuimsithigh[1].

2. An 22 Nollaig 2021, d'eisigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas[2]. Leis an togra seo léirítear go ginearálta, le hoiriúnuithe áirithe a cheanglaítear le dlí an Aontais, na rialacha samhla a glacadh leis an gCreat Cuimsitheach an 14 Nollaig 2021.

[1] 13350/20.
[2] 15294/21.

3. Tá achoimre ar an obair ullmhúcháin a rinneadh sa Chomhairle maidir leis an sainchomhad sin sa tuarascáil dheireanach ó Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le cúrsaí cánach[3]. Le linn Chomhairle Ecofin i mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2022 chuir na Ballstáit uile, seachas ceann amháin acu, in iúl go raibh siad in ann tacú leis an téacs comhréitigh den dréacht-treoir agus leis an dréachtráiteas ón gComhairle[4].

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 23 Márta 2022[5]. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 19 Bealtaine 2022[6]. Rinne an Coimisiún ráiteas I miontuairiscí an chruinnithe a bhí ag Comhairle Ecofin i mí an Mheithimh 2022[7].

5. Tar éis an phlé sa Chomhairle (Ecofin) i mí an Mheithimh 2022, lean Uachtaránacht na Seice den obair agus den teagmháil dhéthaobhach chun an tacaíocht ba ghá a fháil don dréacht-treoir ó na toscaireachtaí go léir. Rinne na dlítheangeolaithe athbhreithniú ar dhréacht-téacs na Treorach[8]. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an 23 Samhain, ní raibh aon bharúlacha teicniúla breise ag na toscaireachtaí maidir le dréacht-téacs na treorach.

6. Ag an gcruinniú a bhí aige an 1 Nollaig 2022, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe (Cuid II) go bhfuil bailchríoch theicniúil ar dhréacht-téacs na treorach anois agus gur féidir é a chur síos don Chomhairle, le haghaidh vóta maidir le glacadh an dréacht-téacs sin. Choinnigh toscaireacht amháin a forchoimeádas maidir leis an gcomhad seo.

7. I bhfianaise an méid sin, iarrtar ar an gComhairle:

- an Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas, mar a leagtar amach in 8778/22 í, a ghlacadh;
- an ráiteas ón gComhairle atá i gceangal leis an nóta seo, atá le cur isteach i miontuairiscí chruinniú na Comhairle, a fhormheas.

---

[3] 10355/21, pointí 6 go 15.
[4] 10497/22.
[5] IO C 290, 29.7.2022, lch. 52.
[6] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2022-0216_GA.pdf
[7] 10431/22, leathanach 7.
[8] 8778/22.

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

'Maidir leis an gComhairle,

ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais don ráiteas maidir le réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair agus a phlean cur chun feidhme, a formheasadh, agus IARRANN SÍ ar chomhaltaí uile Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS) seasamh lena ngealltanas maidir leis an dá cholún;

TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil aghaidh á tabhairt ag an Aontas, ó 2017 i leith, ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair agus gur chuir an obair leanúnach atá á déanamh aige leis an gcomhaontú domhanda maidir leis an réiteach dhá cholún;

DEARBHAÍONN SÍ go leanfaidh sí de thacaíocht a thabhairt don obair ar Chreat Cuimsitheach um BEPS ECFE maidir le CBAB agus tá sí tiomanta go hiomlán go dtabharfar an obair leanúnach ar ghnéithe de Cholún 1 chun críche go rathúil, lena n-áirítear an coinbhinsiún iltaobhach;

MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé de rún daingean againn Colún 1 agus Colún 2 araon a chur chun feidhme mar a comhaontaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021; chun na críche sin, DÉANFAIDH SÍ DLÚTHFHAIREACHÁN ar an gcaibidlíocht leanúnach maidir leis an gcoinbhinsiún iltaobhach (MLC) i ndáil le Colún 1 agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go ndéanfar, dá réir sin, athmheasúnú ar an staid, de réir mar is gá agus go tráthrialta d'fhonn réiteach mear a áirithiú ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair;

IS DÍOL SÁSAIMH DI gur thángthas ar chomhaontú go gasta maidir leis an gcomhad seo; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR nár cheart úsáid an ghnímh tharmligthe sa chomhad sonrach seo a fheiceáil mar fhasach d'ionstraimí reachtacha eile a ghlactar faoin nós imeachta speisialta reachtach is infheidhme maidir le cúrsaí cánach.'